



Ciorclán 0025/2020

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

COVID-19 (Córóinvíreas) - Tréimhse Moillithe

**Socruithe do lucht foirne seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta atá
fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna (ETB)**

Treoraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir leis na socruithe speisialta i leith COVID-19 a chur i bhfeidhm maidir le lucht foirne atá fostaithe i bpoist fhaofa agus á maoiniú ag airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas.

Tá na nósanna imeachta seo le cur i bhfeidhm ag gach fostóir le héifeacht láithreach, agus ní mór do gach ball foirne cloí leis na socruithe speisialta.

Áirítear sábháilteacht agus leas na bhfostaithe agus íoslaghdú an tionchair ar theagasc agus ar fhoghlaim sna prionsabail ghinearálta atá le cur i bhfeidhm le COVID-19 a bhainistiú.

Beidh an lucht foirne san earnáil oideachais ag díriú go príomha ar leanúint ar aghaidh leis na seirbhísí teagasc le linn an chlabhsúir reatha. Iarradh ar gach ionad leanúint ar aghaidh le cúrsaí a phleanáil le linn dúnadh na n-ionad faoi láthair agus nuair is féidir, acmhainní, nó cúrsaí ar líne má tá an trealamh ag na hionaid le sin a dhéanamh, a sholáthar ar líne d'fhoghlaimoirí. Iarradh ar na hionaid chomh maith a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeidh rochtain ag foghlaimoirí ar áiseanna ar líne agus é sin a chur san áireamh ina bpleananna. Beidh ar fhostóirí a mheas conas is fearr is féidir fostaithe a úsáid chun seirbhísí oideachais a sheachadadh.

Moltar solúbthacht ó thaobh socruithe malartacha oibre, mar shampla, obair ón mbaile, sealanna solúbtha, sealanna agaithe, uaireanta oscailte níos faide agus obair dheireadh seachtaine a bheith ar fáil nuair is féidir don fhoireann uile. Ní ceart a éileamh ach ar fhostaithe a bhfuil a láithreach fhisiciúil riachtanach chun seirbhísí riachtanacha a sheachadadh a bheith i láthair.

Forchoimeádann an Roinn an ceart leis na socruithe seo a athrú ag aon am de réir na comhairle a fhaightear ón FSS maidir le sláinte phoiblí.

Glacann téarmaí an Chiorcláin seo ionad Chiorcláin 0021/2020.

Déan cinnte le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball de d'eagraíocht agus go ndírítear aird gach ball foirne ábhartha atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin atá ar chead neamhláithreachta, ar an ábhar atá ann.

Is ceart gach ceist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús, agus is féidir dul i gcomhairle ansin le ETBI. Is féidir aon cheist eile a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: esr@education.gov.ie

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough Street, Dublin 1, D01 RC96
www.education.ie

Tá rochtain le fáil ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Tá Treoir maidir le COVID-19: Faisnéis do Státseirbhísigh agus Seirbhísigh Poiblí le fáil ag www.gov.ie

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Seachtrach Foirne
27 Márta 2020

Sainmhíithe

Ar son chuspóirí an Chiorcláin seo tá na bríonna a thugtar dóibh anseo ag na téarmaí a leanas ach amháin má léiríonn an comhthéacs a mhalairt.

RGFCS – An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

RCPA - An Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe.

Fostaí - gach ball foirne seachas múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta atá fostaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna i bpoist atá maoinithe le hairgead ón Oireachtas.

Fostóir - Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)

RGCS: an Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679).

FSS - Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

Féinleithlisiú – fostaí le siomptóim COVID-19 a fuair comhairle leighis/FSS fanacht istigh agus gach teagmháil le daoine eile a sheachaint go hiomlán. Beidh deimhniú maidir le comhairle FSS nó leighis riachtanach i ngach cás.

Gluaiseachtaí srianta - fostaí gan siomptóim COVID-19 a fuair comhairle leighis/FSS a ghluaiseachtaí a shrianadh d'fhonn teagmháil le daoine agus ócáidí sóisialta a sheachaint a oiread is féidir. Beidh deimhniú maidir le comhairle FSS nó leighis riachtanach i ngach cás.

Ciallaíonn an Roinn an Roinn Oideachais agus Scileanna.

1. Réamhrá

- 1.1 Is víreas é an Córoinvíreas (COVID-19) atá in ann breoiteacht a chúisiú sna scámhóga agus sna feadáin anála.
- 1.2 Tá dualgais ar an bhfostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sábháilteacht agus leas na foirne ag obair a chinntiú.
- 1.3 Is ceart d'fhostóirí agus d'fhostaithe an treoir atá leagtha amach ag an FSS agus/nó ag a ndochtúir a leanúint.

2. Cuspóir an Chiorcláin seo

- 2.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo comhairle a chur ar fhostóirí maidir le socrúithe d'fhostaithe seirbhíse poiblí le linn na tréimhse moillithe sna cúinsí a leanas:
 - a bhfuil COVID-19 tolgtha acu
 - a bhfuil siomptóim COVID-19 acu agus comhairle faighte acu ón FSS/dochtúir iad féin a fhéinleithlisiú le scaipeadh an víris a chosc
 - nach bhfuil aon siomptóm de COVID-19 acu atá i ngartheagmháil le cás deimhnithe COVID-19 nó atá fillte ó thír eile agus comhairle acu ón FSS/dochtúir a ngluaiseachtaí a shrianadh le scaipeadh an víris a chosc
 - a bhfuil dualgais cúram leanaí orthu mar gheall ar dhúnadh scoile nó seirbhís chúram leanaí a linbh
 - atá in ardriosca trombhreoirteachta ón COVID-19

3. Saoire Speisialta le Pá

- 3.1 Faoin gCiorclán seo, féadfaidh fostóir saoire speisialta le pá a cheadú d'fhostóir má chuirtear deimhniú cuí FSS nó leighis faoi dhiagnóis COVID-19 nó moladh féinleithlisithe nó srianadh gluaisteachta ar fáil de réir Threoirlínte an FSS.
- 3.2 Is ceart Saoire Speisialta le pá d'fhostaithe nach n-éilítear orthu teacht ag obair mar gheall ar COVID-19 a bhunú ar **bhuntuarastal agus liúntais shocrúithe amháin**. Ní chuirtear íocaíochtaí préimhe san áireamh.
- 3.3 Ní áireofar aon saoire speisialta le pá a cheadáítear ar son cuspóirí dhiagnóis COVID-19, féinleithlisithe nó gluaisteachtaí srianta mar chuid de thaifead Saoire Breoiteachta an fhostaí. Beidh feidhm leis an tsaoire speisialta le teidlíocht pá le haghaidh an líon laethanta a chomhairlíonn an FSS/dochtúir.
- 3.4 Is ceart don fhostóir an tsaoire speisialta a thaifeadadh mar go bhféadfadh an Roinn sonraí staidrimh a éileamh.

4. Féinleithlisiú

- 4.1 Tá na critéir don fhéinleithlisiú leagtha amach ag an FSS ag: <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html> **Ní féidir le fostaí féinleithlisiú a dhéanamh dá ndeoin féin.**

- 4.2 Más é comhairle an FSS nó lucht leighis é go ndéanfadh fostaí féinleithlisiú is féidir leis an bhfostóir saoire speisialta le pá a cheadú.
- 4.3 I gcás nach bhfuil deimhniú FSS nó leighis maidir le féinleithlisiú ar fáil, ní mór d'fhostaí Foirm Féindearbhair a chomhlánú ag Aguisín 1 leis an gcomhairle FSS nó leighis atá faighte a thairfeadh. Is ceart don fhostaí an Fhoirm chomhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an bhfostóir a luaithe is féidir.
- 4.4 Nuair atá an fostaí ar saoire speisialta le pá cheana féin mar gheall ar fhéinleithlisiú agus má fhaigheann siad COVID-19, is féidir leis an tsaoire speisialta le pá leanúint ar aghaidh a fhad is a mhaireann an bhreiteacht, faoi réir ag deimhniú leighis a bheidh soláthraithe ag an fhostaí.
- 4.5 Cosúil leis na prionsabail ghinearálta a bhíonn i bhfeidhm le Saoire Breiteachta a bhainistiú, ní mór don fhostaí teagmháil a dhéanamh leis an fhostóir má bhíonn aon cheann de na cúinsí thuas i bhfeidhm. Má thagann athrú ar chúinsí nó ar an díagnóis, is ceart don fhostaí an fhostóir a chur ar an eolas a luaithe is féidir.
- 4.6 Is ceart go mbeadh teagmháil chuí ann idir an fostaí agus an fhostóir le linn tréimhse na saoire speisialta le pá.
- 4.7 Nuair a bhíonn deireadh leis an tréimhse féinleithlithise atá molta, is ceart cloí le comhairle leighis agus le Treoirínte FSS maidir le filladh ar an obair.
- 4.8 Ní cheadaítear d'fhostaí atá ar saoire speisialta le pá íocaíocht Sochar Breiteachta COVID-19 an RGFC a éileamh.

5. Gluaiseachtaí Srianata

- 5.1 Tá na critéir maidir le gluaiseachtaí srianata leagtha amach ag an FSS ag <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html>. **Ní féidir le fostaí a g(h)luaiseachtaí a shrianadh dá ndeoin féin.**
- 5.2 Tá fostaí ar moladh dó/do a g(h)luaiseachtaí a shrianadh ar fáil le haghaidh oibre. Is ceart obair a shannadh don fhostaí agus ní mór don fhostóir socruithe oibre malartacha a áisiú dá réir sin m.sh. obair ón mbaile. Mura bhfuil socruithe malartacha oibre indéanta i bpost reatha an fhostaí, is féidir an fostaí a shannadh chuig obair eile sa tSeirbhís Phoiblí go sealadach. Tá sonraí breise ar fáil i bparagraf 12.

6. Grúpaí i mBaol

- 6.1 Tá comhairle an FSS maidir le grúpaí i mbaol ar fáil ag: <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/at-risk-groups.html>
- 6.2 Déanfaidh fostaí dearbhú iad féin má mheasann siad go bhfuil ardriosca trombhreiteachta ann ón COVID-19. Mura bhfuil an fostaí breite, is ceart don fhostóir tús áite a thabhairt do shocruithe oibre m.sh obair ón mbaile.
- 6.3 Mura bhfuil socruithe malartacha oibre indéanta i bpost reatha an fhostaí, is féidir an fostaí a shannadh chuig obair eile sa tSeirbhís Phoiblí go sealadach. Tá sonraí breise ar fáil i bparagraf 12.

7. Fostaithe le Freagrachta Cúram Leanaí mar gheall ar dhúnadh scoil nó seirbhís chúram leanaí an linbh

- 7.1 Níl saoire speisialta le pá ar fáil le haghaidh socruithe cúraim de bharr COVID-19. Más féidir leis na fostaithe seo obair ón mbaile is ceart é seo a áisiú an oiread is indéanta. Is ceart glacadh le céimeanna chun réimse na cianoibre a mhéadú agus ní mór gach deis agus solúbthacht a fhiosrú.
- 7.2 Tá roghanna solúbtha eile ann ar féidir le fostóirí iad a thairiscint d'fhostaithe chomh maith le socruithe oibre ón mbaile. Is féidir leis na socruithe seo tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe lena ndualgais cúraim sa bhaile a bhainistiú (lena n-áirítear socruithe cúraim a chomhroinne le comhpháirtí) agus tacaíocht a thabhairt do bhearta leithscaradh an fhórsa oibre agus scaradh sóisialta. Mar shampla, is féidir sealanna oibre solúbtha, sealanna agaithe; uaireanta oscailte níos faide agus obair dheireadh seachtaine a chur san áireamh.

8. Gnáthshaoire Breoiteachta

- 8.1 Faoi théarmaí agus coinníollacha an Scéim Saoire Breoiteachta, is ceart d'fhostóir gnáthbhreoiteacht m.sh. breoiteacht víreasach anála, a thaifeadadh sa chóras ábhartha. Má thugtar diagnóis COVID-19, don fhostaí ina dhiaidh sin, is féidir an tsaoire speisialta le pá a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach in áit Saoire Breoiteachta.

9. Dúnadh

- 9.1 Má dhúntar oifig de bharr COVID-19, leanfaidh an fostóir ar aghaidh ag íoc na bhfostaithe, ar bhonn na n-uaireanta conraithe amháin agus a fhad is a mhairfidh an conradh. I gcás dúnadh oifige is ceart don fhostóir gach rogha atá ar fáil le haghaidh oibre solúbtha a fhiosrú mar atá leagtha amach sa chiorclán seo.
- 9.2 Moltar d'fhostóirí a bpleananna leanúnachais gnó a athbhreithniú i bhfianaise na gcúinsí atá ag teacht chun cinn.

10. Nósanna Imeachta Iarratais ar Shaoire Speisialta le Pá

- 10.1 Ionas gur féidir leis an bhfostóir an tsaoire speisialta a thaifeadadh, ní mór an fostóir a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoin neamhláithreach.

11. Cealú Saoire

- 11.1 Ní mór do na rialacha maidir le cealú saoire (m.sh. Saoire Thuismitheoireachta) a bheith de réir téarmaí agus coinníollacha na bhfoilseachán ábhartha ón Roinn.

12. Sannadh Sealadach

- 12.1 De réir treoirínte an RCPA, ní mór do gach seirbhíseach poiblí nach bhfuil comhairle leighis acu iad féin a fhéinleithlisiú a bheith ar fáil chun obair le seirbhísí a sheachadadh laistigh dá n-earnáil féin (mar thosaíocht) nó ar shannadh sealadach sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

12.2 Iarrfar ar fhostóirí a dheimhniú cé hiad na fostaithe dá gcuid a chuirfidh seirbhísí oideachasúla ar fáil dá mic léinn. Beidh aon fhostaí nach gá iad a choinneáil le seirbhísí oideachasúla a sholáthar ar fáil dá bhrí sin le sannadh ar bhonn sealadach chun tacú le seirbhísí riachtanacha poiblí eile a sheachadadh. Déanfar bainistiú ar bhonn struchtúrtha lárnaíthe ar an sannadh sealadach seo tríd an Roinn seo agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuirfear breis sonraí faoi na socruithe praiticiúla dó seo ar fáil go luath d'fhostóirí.

13. Cosaint Sonraí

13.1 Ní mór don fhostóir gach cáipéis a bhaineann le saoire speisialta le pá a choinneáil mar aon leis na taifid phearsanra ábhartha ar bhealach sábháilte slán agus de réir pholasáí chosaint sonraí an fhostóra agus na rialacháin um chosaint sonraí.

14. Comhlíonadh

14.1 Nuair a cheadaítear saoire speisialta le pá, beidh feidhm leis na forálacha maidir le saoire speisialta le pá a chomhlíonadh. I gcás neamhchomhlíonadh le forálacha saoire speisialta le pá, (lena n-áirítear an riachtanas deimhniú bona fide féinleithlithise/diagnóis COVID-19) féadfar nósanna imeachta reatha, lena n-áirítear bearta araíonachta a agairt.

Aguisín 1

FOIRM FÉINDEARBHAITHE COVID-19: SAOIRE SPEISIALTA LE PÁ (COVID-19) LE HAGHAIDH FÉINLEITHLISIÚ

Cuid 1 - Sonraí an Fhostaí

Ainm an Fhostaí: _____ Uimh. Teagmhála: _____

Seoladh Baile: _____

Ríomhphost: _____

UPSP: _____

Aonad Gnó: _____

Cuid 2 - Sonraí Saoire Speisialta le Pá

Líon laethanta féinleithlisithe molta ar chomhairle leighis: _____

Ag tosú (LL/MM/BBBB): _____

Ag críochnú LL/MM/BBBB): _____

Comhairle féinleithlise ó ()

Dochtúir Leighis	<input type="checkbox"/>	FSS	<input type="checkbox"/>
Ospidéal	<input type="checkbox"/>	Eile (Sonraigh) _____	<input type="checkbox"/>

Comhairle Leighis faighte trí ()

Teileafón	<input type="checkbox"/>	Litir/ríomhphost/téacs (ceangal cóip leis an bhfoirm seo)	<input type="checkbox"/>
Go pearsanta	<input type="checkbox"/>	Eile (Sonraigh) _____	<input type="checkbox"/>

Sonraí na Comhairle Leighis maidir le féinleithlisiú

Ainm an chomhairleora (m.sh. ainm dochtúra, oibrí FSS)	
Dáta agus am ar tugadh an chomhairle	
Na sonraí a thug tú don chomhairleoir (m.sh. áiteanna agus amanna nochtaithe srl)	

¹ Ciallaíonn Bona fide maidir le cur i láthair nó teachtaireacht go macánta agus bunaithe go maith ar an fhírinne Forchoimeádann an fostóir an ceart le breis deimhnithe a iarraidh.

Dearbhú

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá de réir Chiorclán 0025/2020 dár teideal Tréimhse Moille Coróinvíreas (COVID-19).

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá tugtha ar an bhFoirm Féindearbhaithe fíor agus cruinn. Síniú an Fhostaí: _____ Dáta: _____

Cuid 3 - Ceadú an Fhostóra

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍ CEART Foirm Iarratais/Cáipéisí Tacaíochta a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is ceart don fhostóir iad a choinneáil le haon cháipéis ábhartha eile ar son cuspóirí taifid agus iniúchta le cois na dtaifead pearsanta ábhartha.